



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Iúil 2022
(OR. en)

11153/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0197 (NLE)

UD 144
COEST 544

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Fhochoiste Custaim idir an tAontas agus an Mholdóiv arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach do chlár oibreora eacnamaíoch údaráithe Phoblacht na Moldóive agus do chlár oibreora eacnamaíoch údaráithe an Aontais
--------	---

CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais
san Fhochoiste Custaim idir an tAontas agus an Mholdóiv
arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach
agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt,
agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile,
a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach
do chlár oibreora eacnamaíoch údaráithe Phoblacht na Moldóive
agus do chlár oibreora eacnamaíoch údaráithe an Aontais**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4),
an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Síníodh an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile¹ ('an Comhaontú') an 27 Meitheamh 2014 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2016.
- (2) Le hAirteagal 192 den Chomhaontú, chomhaontaigh na Páirtithe an comhar a neartú i réimse an chustaim agus éascú trádála.
- (3) Tá sé de chumhacht ag an bhFochoiste Custaim, arna bhunú de bhun Airteagal 200 den Chomhaontú, na bearta is gá a ghlacadh le haghaidh comhair custaim.
- (4) De bhun Airteagal 200(3), pointe (b) den Chomhaontú, tá sé de chumhacht ag an bhFochoiste Custaim cinntí a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach do rialuithe custaim agus cláir chomhpháirtíochta trádála, agus sochair arna gcomhaontú go frithpháirteach.

¹ IO L 260, 30.8.2014, lch. 4.

- (5) An Fochóiste Custaim, le linn a hochtú cruinniú in 2022, nó trí nós imeachta i scríbhinn i gcás go gcomhaontaíonn an dá Páirtí leis sin i gcomhthéacs na cruinnithe sin, tá sé le cinneadh a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach do chlár oibreora eacnamaíoch údaráithe (AEO) Phoblacht na Moldóive agus do chlár AEO an Aontais.
- (6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Fhochóiste Custaim a bhunú ós rud é go mbeidh an cinneadh maidir le haitheantas frithpháirteach do chlár AEO ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san ochtú cruinniú den Fhochoiste Custaim, arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile, nó trí nós imeachta i scríbhinn i gcás ina gcomhaontaíonn an dá Páirtí leis sin i gcomhthéacs na cruinnithe sin, a mhéid a bhaineann le haitheantas frithpháirteach do chlár oibreora eacnamaíoch údaráithe Phoblacht na Moldóive agus clár oibreora eacnamaíoch údaráithe an Aontais, beidh an seasamh sin bunaithe ar an dréachtchinneadh ón bhFochóiste Custaim atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán
